

Iris Oifigiúil

ISSN 0257-9537

Eagrán Speisialta *

10 Iúil 1999

na gComhphobal Eorpach

An t-eagrán Gaeilge

Achtú

Clár

Comhairle

★ Cinneadh ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích le Poblacht na hÍoslainne agus le Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt	1
Comhaontú arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt	2
An Ionstraim Chríochnaitheach	16
Comhaontú i bhfoirm Litreacha a mhalartú idir Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le coistí chun cuidiú leis an gCoimisiún Eorpach agus a chuid cumhachtaí feidhmiúcháin á bhfeidhmiú aige	19

COMHAIRLE

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Bealtaine 1999

maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích le Poblacht na hÍoslainne agus le Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint d'Airteagal 6(1) den Prótacal ag lánpháirtiú acquis Schengen i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá curtha i gceangal, i gConradh Amstardam, leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh;

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

An Comhaontú le Poblacht na hÍoslainne agus le Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, lena n-áirítear na hlarscríbhinní, an Ionstraim Chríochnaitheach, na Dearbhuithe agus na Litreacha a mhalartú atá i gceangal léi sin, déantar leis seo é a fhorghéilleadh.

Tá téacs na ngníomhartha dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gceangal leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Bealtaine 1999.

Thar cheann na Comhairle

An tUachtarán

J. FISCHER

COMHAONTÚ**arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le hacquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt**

TA COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

agus

POBLACHT NA hÍOSLAINNE AGUS

RÍOCHT NA hIORUA,

DE BHRÍ, ó síníodh Comhaontú Lusamburg an 19 Nollaig 1996 idir na trí Bhallstát déag den Aontas Eorpach, is sínitheoirí de chomhaontuithe Schengen, agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, go bhfuil an dá thír sin tar éis bheith rannpháirteach sna pléití i dtaobh chomhaontuithe Schengen agus forálacha gaolmhara a chur i bhfeidhm, a chur chun feidhme agus a fhorbairt tuilleadh;

DE BHRÍ de thoradh an Prótacal ag lánpháirtiú acquis Schengen i gcreat an Aontais Eorpaigh atá curtha i gceangal, i gConradh Amstardam ag leasú an Conradh ar an Aontas Eorpach agus na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus gníomhartha gaolmhara áirithe (dá ngairtear "Prótacal Schengen" anseo feasta), leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, seolfar an comhar idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh is sínitheoirí de chomhaontuithe Schengen faoi raon feidhme na gcomhaontuithe sin agus forálacha gaolmhara laistigh de chreat institiúideach agus dlí an Aontais Eorpaigh agus na forálacha ábhartha den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh á n-urramú;

AG MEABHRÚ DÓIBH gurb é is cuspóir agus críoch do Chomhaontú Lucsamburg an córas a chaomhnú atá ann idir na cúig Stát Nordach de bhun an Coinbhinsiún maidir le Rialuithe ar Phasanna a dhíothú ag teorainneacha idir Nordacha a síníodh i gCobánhavan ar an 12 Iúil 1957, ag bunú an Aontas Nordach um Pasanna, a luaithe a ghlacann na Stáit Nordacha sin atá ina mBallstáit den Aontas Eorpach páirt sa chóras maidir le seiceálacha ar dhaoine a dhíothú ag teorainneacha intíre atá leagtha amach i gComhaontuithe Schengen;

AG COIMEÁD I gCUIMHNE DÓIBH na forálacha atá leagtha síos i gComhaontú Lucsamburg;

AG AITHINT DÓIBH ar a shon sin go mbeireann acquis Schengen a lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh gur ábhar é feasta a bhaineann leis an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Comhphobal Eorpach, cinntí a ghlacadh a aibheartaíonn na forálacha arb éard iad acquis Schengen a fhorbairt tuilleadh;

DE BHRÍ, de réir na chéad mhíre d'Airteagal 6 de Phrótacal Schengen, gur mian leis an Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Comhphobal Eorpach, cuspóir agus críoch Chomhaontú Lucsamburg a urramú agus fónamh dóibh trí Chomhaontú ag comhlachú Phoblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, ar Chonradh Amstardam a theacht i bhfeidhm, le hacquis Schengen a chur chun feidhme agus lena fhorbairt tuilleadh ar bhonn Chomhaontú Lucsamburg, agus gur mian leis ar an dóigh sin an cuspóir coiteann maidir le leanúint de rannpháirteachas an dá Stát sin sna gníomhaíochtaí sin a áirithiú;

ÓS DEIMHIN LEO a riachtanaí atá sé baint iomchuí a bheith ag gach páirtí a bhfuil na forálacha arb éard iad acquis Schengen á gcur i bhfeidhm acu agus a fhéadfar go mbeidh na forálacha sin agus a bhforbairt tuilleadh le cur i bhfeidhm ina leith faoi dheoidh, lena n-áirítear Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua, i bpléití ag gach leibhéal maidir lena gcur i bhfeidhm go praiticiúil, lena gcur chun feidhme agus lena n-ullmhú chun iad a fhorbairt tuilleadh;

DE BHRÍ gur gá chuige sin strúchtúr eagraíochtúil a chur ar bun, lasmuigh de chreat institiúideach an Aontais Eorpaigh, chun comhlachas Phoblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua leis an bpróiseas cinnteoireachta sna réimsí seo a áirithiú agus chun gur féidir leo bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin trí Choiste Measctha;

TAR ÉIS A CHOMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Beidh Poblacht na Íoslainne agus Ríocht na hIorua, dá ngairtear “an Íoslainn” agus “an Iorua” faoi seach anseo feasta, comhlach-taithe le gníomhaíochtaí an Chomhphobail Eorpaigh agus an Aontais Eorpaigh sna réimsí atá folaithe sna forálacha dá dtagraítear in larscríbhinní A agus B atá i gceangal leis an gComhaontú seo agus lena bhforbairt tuilleadh.

Cruthaíonn an Comhaontú seo cearta agus oibleagáidí cómh-al-artacha i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach ann.

Airteagal 2

1. Déanfaidh an Íoslainn agus an Iorua forálacha acquis Schengen mar atá siad liostaithe in larscríbhinn A atá i gceangal leis an gComhaontú seo agus mar atá siad infheidhme ar na Ballstáit den Aontas Eorpach dá ngairtear na “Ballstáit” anseo feasta atá rannpháirteach sa chomhar níos dlúithe arna údarú i bPrótocal Schengen a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

2. Déanfaidh an Íoslainn agus an Iorua forálacha na ngníomhartha den Chomhphobal Eorpach atá liostaithe in larscríbhinn B atá i gceangal leis an gComhaontú seo, a mhéad atá siad curtha in ionad forálacha comhfheagracha den Choinbhinsiún a síníodh in Schengen ar an 19 Meitheamh 1990, nó arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin, ag cur chun feidhme an Comhaontú maidir le seiceálacha ag na teorainneacha coiteanna a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

3. Na gníomhartha agus na bearta arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ag leasú na bhforálacha, nó arna dtógáil orthu, dá dtagraítear in larscríbhinní A agus B, a bhfuil na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chomhaontú seo curtha i bhfeidhm orthu, glacfaidh an Íoslainn agus an Iorua leo, gan dochar d’Airteagal 8, agus déanfaidh siad iad a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm freisin.

Airteagal 3

1. Bunaítear leis Coiste Measctha ar a mbeidh ionadaithe do rialtas na Íoslainne agus do rialtas na hIorua, comhaltaí de Chomhairle an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear an “Chomhairle” anseo feasta, agus de Choimisiún na gComhphobal Eorpach, dá ngairtear an “Coimisiún” anseo feasta.

2. Glacfaidh an Coiste Measctha a Rialacha Nós Imeachta trí chomhthoil.

3. Tiocfaidh an Coiste Measctha le chéile ar thionscnamh an Uachtaráin nó arna iarraidh sin d’aon duine de na comhaltaí.

4. Faoi réir Airteagal 4(2), tagann an Coiste Measctha le chéile ag leibhéal na n-Airí, na n-oifigeach sinsearach nó na saineolaithe mar is gá de réir na n-imthosca.

5. Is é bheidh ina Uachtarán ar an gCoiste Measctha:

— ag leibhéal na saineolaithe: ionadaí don Aontas Eorpach;

— ag leibhéal na n-oifigeach sinsearach agus na nAirí: gach re seal, go ceann tréimhse sé mhí, ionadaí don Aontas Eorpach agus ionadaí do rialtas na hÍoslainne nó ionadaí do rialtas na hIorua.

Airteagal 4

1. Tabharfaidh an Coiste Measctha aghaidh, i gcomhréir leis an gComhaontú seo, ar gach ábhar atá folaithe in Airteagal 2 agus áiritheoidh sé go dtugtar aird chuí ar aon ábhar inní atá ar an Íoslainn nó an Iorua.

2. Sa Choiste Measctha ag an leibhéal aireachta, beidh deis ag na hionadaithe don Ioslainn agus don Iorua:

— na fadhbanna atá le sárú acu i dtaca le gníomh nó beart áirithe a mhíniú nó freagra a thabhairt ar na fadhbanna atá le sárú ag toscaireachtaí eile;

— friotal a chur ar aon cheisteanna atá acu maidir le forálacha is ábhar inní dóibh a fhorbairt nó maidir lena gcur chun feidhme.

3. Déanfaidh an Coiste Measctha ag leibhéal na n-oifigeach sinsearach na cruinnithe den Choiste Measctha ag an leibhéal aireachta a ullmhú.

4. Beidh an ceart ag na hionadaithe do rialtas na hÍoslainne agus do rialtas na hIorua moltaí a dhéanamh sa Choiste Measctha a bhaineann leis na hábhair atá luaite in Airteagal 1. Tar éis iad a phlé, féadfaidh an Coimisiún nó aon Bhallstát na moltaí sin a bhreithniú ar mhaithe le togra a dhéanamh nó tionscnamh a ghlacadh, i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh, d’fhonn gníomh nó beart den Chomhphobal Eorpach nó den Aontas Eorpach a ghlacadh.

Airteagal 5

Gan dochar d’Airteagal 4, cuirfear an Coiste Measctha ar an eolas faoin ullmhúchán laistigh den Chomhairle maidir le haon ghníomhartha nó bearta a fhéadfaidh a bheith ábhartha don Chomhaontú seo.

Airteagal 6

Nuair atá reachtaíocht nua á dhréachtú i réimse atá folaithe sa Chomhaontú seo, iarrfaidh han Coimisiún comhairle go neamhfhoirmiúil ar shaineolaithe ón Íoslainn agus ón Iorua faoi mar a iarrann sé comhairle ar shaineolaithe ó na Ballstáit den Aontas Eorpach i dtaca lena chuid tograí a dhréachtú.

Airteagal 7

Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha gur chóir comhshocraíocht iomchuí a thabhairt i gcrích maidir leis na critéir agus meicníochtaí chun a shuíomh cad é an Stát atá freagrach as iarraidh ar thearmann arna taisceadh in aon cheann de na Ballstáit nó san Íoslainn nó san Iorua a scrúdú. Ba chóir comhshocraíocht den sórt sin a bheith ann nuair a chuirtear na forálacha dá dtagraítear in larscríbhinn A agus in larscríbhinn B, mar aon leis na forálacha atá glactha cheana de bhun Airteagal 2(3), in éifeacht i leith na hÍoslainne agus na hIorua i gcomhréir le hAirteagal 15(4).

Airteagal 8

1. Déanfar gníomhartha nua nó bearta nua a ghlacadh a bhaineann le hábhair dá dtagraítear in Airteagal 2 a fhorchoimeád do na hinstiúidí inniúla den Aontas Eorpach. faoi réir mhír 2, tiocfaidh gníomhartha nó bearta den sórt sin i bhfeidhm san am chéanna fad a bhaineann leis an Aontas Eorpach agus a chuid Ballstát i dtrácht agus leis an Íoslainn agus an Iorua, mura sonraítear a mhalairt go sainráite sna gníomhartha nó bearta sin. Sa chomhtéacs sin, tabharfar aird chuí ar an am arna shonrú ag an Íoslainn nó ag an Iorua sa Choiste Measctha mar an t-am is gá chun gur féidir leis an Íoslainn nó leis an Iorua a rialacha bunreachtúla a chomhall.

2. (a) Gníomhartha nó bearta dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh a bhfuil na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chomhaontú seo curtha i bhfeidhm orthu, cuirfidh Comhairle an Aontais Eorpaigh in iúl láithreach iad don Íoslainn agus don Iorua. Cinnfidh an Íoslainn agus an Iorua go neamhspleách an nglacfaidh siad leis an inneachar agus an gcuirfidh siad chun feidhme iad ina n-ord dlí inmheánach. Cuirfear na cinntí sin in iúl don Chomhairle agus don Choimisiún laistigh de thríocha lá ó na gníomhartha nó na bearta i dtrácht a ghlacadh.

(b) Más rud é nach féidir inneachar gníomh nó beart den sórt sin a theacht chun bheith ina gceangal ar an Íoslainn ach tar éis riachtanais bhunreachtúla a chomhall, cuirfidh an Íoslainn an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas faoi sin tráth an fhógra a thabhairt. Cuirfidh an Íoslainn an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas faoi go prap i scríbhinn ar na riachtanais bhunreachtúla uile sin a chomhall, agus tabharfaidh sé an t-eolas sin tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh an dáta atá leagtha síos don ghníomh nó don bheart a theacht i bhfeidhm i leith na hÍoslainne, mar atá arna chinneadh de réir mhír 1.

(c) Más rud é nach féidir inneachar gníomh nó beart den sórt sin a theacht chun bheith ceangailteach ar an Iorua ach tar éis riachtanais bhunreachtúla a chomhall, cuirfidh an Iorua an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas faoi sin tráth an fhógra a thabhairt. Cuirfidh an Iorua an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas faoi go prap i scríbhinn, agus ar a dhéanaí sé mhí ó fhógra a fháil ón gComhairle, ar na riachtanais bhunreachtúla uile sin a chomhall. Ón dáta atá leagtha síos don ghníomh nó don bheart a theacht i bhfeidhm i leith na hIorua agus go dtí go bhfaightear an t-eolas faoi na riachtanais bhunreachtúla a chomhall, cuirfidh an Iorua i bhfeidhm go sealadach, más féidir, inneachar gníomh nó beart den sórt sin.

3. Ar an Íoslainn nó an Iorua glacadh le hinneachar gníomhartha nó bearta dá dtagraítear i mír 2, cruthóidh sé cearta agus oibleagáidí idir an Íoslainn agus an Iorua, agus idir an Íoslainn agus an Iorua de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus na Ballstáit dá chuid atá faoi cheangal ag na gníomhartha agus na hoibleagáidí sin, den pháirt eile.

4. Más rud é:

(a) go gcuireann an Íoslainn nó an Iorua a cinneadh in iúl gan glacadh le hinneachar gníomh nó beart dá dtagraítear i mír 2 agus a bhfuil na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chomhaontú seo curtha i bhfeidhm orthu; nó

(b) nach ndéanann an Íoslainn ná an Iorua fógra laistigh den tréimhse tríocha lá atá leagtha amach i mír 2(a); nó

(c) nach ndéanann an Íoslainn fógra roimh an tréimhse ceithre seachtaine atá leagtha amach i mír 2(b) roimh an dáta atá leagtha síos don ghníomh nó don bheart i dtrácht a theacht i bhfeidhm ina leith; nó

(d) nach ndéanann an Iorua fógra laistigh den tréimhse sé mhí atá leagtha amach i mír 2(c) nó nach ndéanann sé forálacha maidir le cur i bhfeidhm sealadach mar atá beartaithe san fhómhír chéanna ón dáta atá leagtha síos don ghníomh nó don bheart i dtrácht a theacht i bhfeidhm ina leith;

measfar go bhfuil an Comhaontú seo foirceannta i dtaca leis an Íoslainn nó leis an Iorua, de réir mar a bheidh, mura gcinneann an Coiste Measctha a mhalairt laistigh de nócha lá, tar éis bealaí a scrúdú go cúramach chun leanúint den Chomhaontú. Gabhfaidh éifeacht leis an gComhaontú a fhoirceannadh trí mhí tar éis an tréimhse nócha lá a dhul in éag.

Airteagal 9

1. D'fhonn cuspóir na bPáirtithe Conarthacha a ghnóthú, cur i bhfeidhm agus léiriúchán chomh comhionann agus is féidir de na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2 a bhaint amach, coinneoidh an Coiste Measctha faoi bhuanbhreithniú forás an chásdlí i gCúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, dá ngairtear "an Chúirt Bhreithiúnais" anseo feasta, mar aon le forás an chásdlí sna cúirteanna inniúla san Íoslainn agus san Iorua a bhaineann le forálacha den sórt sin. Chuige sin cuirfear meicníocht ar bun chun a áirithiú go ndéantar cásdlí den sórt sin a sheoladh tráthrialta agus go cómhálartach.

2. Faoir réir na modhnúcháin is gá do Reacht an Chúirt Bhreithiúnais a ghlacadh, beidh an Íoslainn agus an Iorua i dteideal ráitis cháis nó barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid an Chúirt Bhreithiúnais i gcásanna ina bhfuil ceist tarchurtha chuici ag cúirt nó binse i mBallstát le haghaidh réamhrialú maidir le haon fhoráil dá dtagraítear in Airteagal 2 a léiriú.

Airteagal 10

1. Cuirfidh an Íoslainn agus an Iorua tuarascálacha gach bliain faoi bhráid an Choiste Mheasctha maidir leis an dóigh ina bhfuil na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2, mar atá siad arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnais, de réir mar a bheidh, curtha i bhfeidhm agus léirithe ag a gcuid údarás riarthach agus cúirteanna.

2. I gcás nach bhfuil an Coiste Measctha, laistigh de dhá mhí tar éis difríocht shubstainteach i gcásdlí an Chúirt Bhreithiúnais agus chúriteanna na hÍoslainne nó na hIorua nó tar éis difríocht shubstainteach maidir la cur i bhfeidhm idir na húdaráis sna Ballstáit i dtrácht agus na húdaráis san Íoslainn nó san Iorua i dtaca leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2 a bheith tugtha os a chomhair, in ann a áirithiú go ndéantar cur i bhfeidhm agus léiriúchán comhionann a chaomhnú, beidh an nós imeachta in Airteagal 11 infheidhme.

Airteagal 11

1. I gcás díospóid maidir leis an gComhaontú seo a chur i bhfeidhm nó i gcás go dtarlaíonn an cor dá bhforáiltear in Airteagal 10(2), déanfar an t-ábhar a chur go hoifigiúil mar ábhar díospóide ar chlár oibre an Choiste Mheasctha ag leibhéal aireachta.

2. Beidh nócha lá ag an gCoiste Measctha ó dháta an clár oibre a ghlacadh a bhfuil an díospóid curtha air chun an díospóid a shocrú.

3. I gcás nuair nach féidir leis an gCoiste Measctha an díospóid a shocrú laistigh den tréimhse nócha lá dá bhforáiltear i mír 2, déanfar tréimhse bhreise tríocha lá a urramú chun socrú deiridh a shroicheadh.

Mura sroicfeadh aon socrú deiridh, measfar go bhfuil an Comhaontú seo foirceannta i dtaca leis an Íoslainn nó leis an Iorua, pé acu den dá Stát lena mbaineann an díospóid. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh sin sé mhí tar éis an tréimhse tríocha lá a dhul in éag.

Airteagal 12

1. Fad a bhaineann leis na costais riarthacha atá i dtreis chun an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm, ranníocfaidh an Íoslainn agus an Iorua le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach suim bhliantúil de:

— 0,1 % i gcás na hÍoslainne

— 4,995 % i gcás na hIorua

de mhéid 300 000 000 BEF (nó méid coibhéiseach in euro) faoi réir coigeartú bliantúil i bhfianaise an ráta bhoilscithe laistigh den Aontas Eorpach.

I gcásanna nuair nach gcuirtear costais oibríochtúla atá i dtreis sa Chomhaontú seo a chur i bhfeidhm i leith bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach ach nuair atá siad dlite go díreach de na Ballstáit atá rannpháirteach, rannpháirteoidh an Íoslainn agus an Iorua sna costais sin i gcomhréir le céatadán olltáirgeacht náisiúnta na dtíortha sin i ndáil le holltáirgeacht náisiúnta na Stát uile atá rannpháirteach.

I gcásanna nuair a chuirtear costais oibríochtúla i leith bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach, páirteoidh an

Íoslainn agus an Iorua sna costais sin trí shuim bhliantúil a ranníoc leis an mbuiséad sin i gcomhréir le céatadán olltáirgeacht náisiúnta na dtíortha sin i ndáil le holltáirgeacht náisiúnta na Stát uile atá rannpháirteach.

2. Beidh an ceart ag an Íoslainn agus ag Iorua doiciméid arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún nó laistigh den Chomhairle a bhaineann leis an gComhaontú seo a fháil agus beidh an ceart acu ag cruinnithe den Choiste Measctha teangaireacht a iarraidh chuig an teanga oifigiúil is rogha leo de chuid institiúidí na gComhphobal Eorpach. Ar a shon sin, is é an Íoslainn nó an Iorua, de réir mar a bheidh, a iompróidh aon chostais aistriúcháin nó teangaireachta go hÍoslainnis nó go hIoruais nó ón Íoslainnis nó ón Ioruais.

Airteagal 13

1. Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear ar aon dóigh don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó do aon chomhaontú eile arna thabhairt i gcrích idir an Comhphobal Eorpach agus an Íoslainn agus/nó an Iorua.

2. Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear ar aon dóigh do aon Chomhaontuithe todhcháí a thabharfaidh an Comhphobal Eorpach i gcrích leis an Íoslainn agus/nó an Iorua, nó ar bhonn Airteagail 24 agus 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

3. Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear ar aon dóigh don chomhar faoin chuimsiú an Aontas Nordach um Pasanna a mhéad nach bhfuil an comhar sin bunoscionn leis an gComhaontú seo agus leis na gníomhartha agus na bearta atá bunaithe ar an gComhaontú seo agus nach gcuireann sé bac orthu.

Airteagal 14

Níl an Comhaontú seo infheidhme ar Svalbard (Spitzbergen).

Airteagal 15

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm mí amháin tar éis an lá atá sé suite ag Ardrúnaí na Comhairle, a ghníomhóidh mar thaiscí air, go bhfuil na ceanglais fhoirmiúla uile comhalta maidir leis na Páirtithe sa Chomhaontú seo a dtoiliú a chur in iúl nó a dtoiliú a bheith curtha in iúl thar a gceann go bhfuil siad faoi cheangal ag an gComhaontú seo.

2. Beidh Airteagail 1, 3, 4 5 agus an chéad abairt d'Airteagal 8(2)(a) infheidhme go sealadach amhail ó thráth an Comhaontú seo a shíniú.

3. I dtaca le gníomhartha nó bearta arna nglacadh tar éis an Comhaontú a shíniú ach roimh a theacht i bhfeidhm, tosóidh an tréimhse tríocha lá dá dtagraítear san abairt deiridh d'Airteagal 8(2)(a) amhail ón lá a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

4. Na forálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn A agus in Iarscríbhinn B, maille leis na forálacha arna nglacadh cheana de bhun Airteagal 2(3), gabhfaidh éifeacht leo i gcás na hÍoslainne agus i gcás na hIorua ar dháta a shocróidh an Chomhairle ag gníomhú di trí aontailíocht na mBall dá chuid a ionadaíonn na Ballstáit atá rannpháirteach sa comhar níos dlúithe arna údarú ag Prótocal Schengen tar éis comhairliúchán sa Choiste Measctha i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú seo, más deimhin leis an gCoiste go bhfuil na réamchoinníollacha chun na forálacha ábhartha a chur chun feidhme comhalta ag an Íoslainn agus an Iorua agus go bhfuil na rialuithe ag a dteorainneacha éifeachtach.

5. Éifeacht a ghabháil leis na forálacha dá dtagraítear i mír 4, cruthóidh sé cearta agus oibleagáidí idir an Íoslainn agus an Iorua, agus idir an Íoslainn agus an Iorua de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus na Ballstáit dá chuid a bhfuil na forálacha sin curtha in éifeacht ina leith, den pháirt eile.

Airteagal 16

Féadfaidh an Íoslainn nó an Iorua an Comhaontú seo a shéanadh nó féadfar é a shéanadh trí chinneadh ón gComhairle ag gníomhú trí aontailíocht na mBall dá chuid a ionadaíonn na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar níos dlúithe arna údarú ag Prótocal Schengen. Cuirfear séanadh den sórt sin in iúl don

taiscí. Gabhfaidh éifeacht leis sé mhí tar éis an séanadh a chur in iúl.

Airteagal 17

Beidh iarmhairtí an Comhaontú seo a shéanadh ag an Íoslainn nó ag an Iorua nó an Comhaontú seo a fhoirceannadh i leith na hÍoslainne nó na hIorua ina ábhar do chomhaontú idir na Páirtithe atá fágtha agus an Páirtí a bhfuil an Comhaontú seo séanta aige nó a ngabhann an foirceannadh éifeacht ina leith. Mura féidir teacht ar comhaontú, cinnífidh an Chomhairle tar éis dul i gcomhairle leis an bPáirtí Conarthach comhlachaithe atá fágtha ar na bearta is gá. Ar a shon sin, ní bheidh na bearta sin ina gceangal ar an bPáirtí sin ach amháin má ghlacann sé leo.

Airteagal 18

Gabhann an Comhaontú seo ionad an Comhaontú Comhair idir Ríocht na Beilge, Poblacht na Fraince, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Portaingéile, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na hOstaire, Ríocht na Danmhairge, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne, Páirtithe Conarthacha do Chomhaontú Schengen agus do Choinbhinsiún Schengen agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le rialuithe ar dhaoine a dhíothú ag a dteorainneacha coiteanna a síníodh i Lucsamburg ar an 19 Nollaig 1996.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an ochtu lá déag de Bhealtaine sa bhliain míle naoi gcéad nócha naoi, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ioruais, san Íoslainnis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis, agus comhúdarás ag gach téacs; taiscfear é i gcartlann Ardrúnaíocht an Aontais Eorpaigh.

Por el Consejo de la Unión Europea
 For Rådet for Den Europæiske Union
 Für den Rat der Europäischen Union
 Για το Συμβούλιο της Ευρωπαϊκής Ένωσης
 For the Council of the European Union
 Pour le Conseil de l'Union européenne
 Per il Consiglio dell'Unione europea
 Voor de Raad van de Europese Unie
 Pelo Conselho da União Europeia
 Euroopan unionin neuvoston puolesta
 För Europeiska unionens råd
 Fyrir hönd ráðs Evrópusambandsins
 For Rådet for Den europeiske union

Günter Verheugen

Por la República de Islandia
 For Republikken Island
 Für die Republik Island
 Για τη Δημοκρατία της Ισλανδίας
 For the Republic of Iceland
 Pour la République d'Islande
 Per la Repubblica d'Islanda
 Voor de Republiek IJsland
 Pela República da Islândia
 Islannin tasavallan puolesta
 På Republiken Islands vägnar
 Fyrir hönd Lyðveldisins Íslands
 For Republikken Island

H. Stefánsson

Por el Reino de Noruega
 For Kongeriget Norge
 Für das Königreich Norwegen
 Για το Βασίλειο της Νορβηγίας
 For the Kingdom of Norway
 Pour le Royaume de Norvège
 Per il Regno di Norvegia
 Voor het Koninkrijk Noorwegen
 Pelo Reino da Noruega
 Norjan kuningaskunnan puolesta
 På Konungariket Norges vägnar
 Fyrir hönd Konungsríkisins Noregs
 For Kongeriket Norge

Gunnar Vollebæk

IARSCRÍBHINN A

(Airteagal 2(1))

Tagraíonn Cuid 1 den Iarscríbhinn seo do Chomhaontú Schengen 1985 agus do Choinbhinsiún Schengen 1990 chun Comhaontú Schengen 1985 a chur chun feidhme. Tagraíonn Cuid 2 do na hionstraimí Aontachais agus tagraíonn Cuid 3 do ghníomhartha tánaisteacha ábhartha Schengen.

CUID 1

Forálacha an Comhaontaithe idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile.

Forálacha uile an Choinbhinsiúin arna shíniú ar an 19 Meitheamh 1990 idir Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na Fraince, Ard-Diúcacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre chun Comhaontú Schengen an 15 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme, seachas

Airteagal 2(4)

Airteagal 4, a mhéad a bhaineann le seiceálacha ar bhagáiste

Airteagal 10(2)

Airteagal 19(2)

Airteagal 28 go 38 agus na sainmhínte gaolmhara

Airteagal 60

Airteagal 70

Airteagal 74

Airteagal 77 go 91, a mhéad a fholáitear iad i dTreoir 91/477/CEE ón gComhairle maidir le rialú ar airm a fháil agus a shealbhú

Airteagal 120 go 125

Airteagal 131 go 133

Airteagal 134

Airteagal 139 go 142

An Ionstraim Chríochnaitheach; dearbhú 2

An Ionstraim Chríochnaitheach: dearbhuithe 4, 5 agus 6

An Prótacal

An Dearbhú Comhpháirteach

An Dearbhú ó na hAíre agus na Státrúnaithe

CUID 2

Forálacha na gComhaontuithe Aontachais agus na bPrótacal Aontachais le Comhaontú Schengen agus Coinbhinsiún Schengen le Poblacht na hIodáile (arna shíniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990), le Ríocht na Spáinne agus Poblacht na Portaingéile (arna shíniú in Bonn ar an 25 Meitheamh 1991), leis an bPoblacht Heilléanach (arna shíniú i Maidrid ar an 6 Samhain 1992), le Poblacht na hOstaire (arna shíniú sa Bhruiséil ar an 28 Aibreán 1995) agus le Ríocht na Danmhairge, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (arna shíniú i Lucsamburg ar an 19 Nollaig 1996), seachas

1. An Prótacal, arna shíniú i bPáras ar an 28 Samhain 1990, maidir le hAontachas Rialtas Phoblacht na hIodáile leis an gComhaontú, arna shíniú in Schengen ar an 14 Meitheamh 1985, idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile
2. Na forálacha seo a leanas den Chomhaontú, arna shíniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990, maidir le haontachas Phoblacht na hIodáile leis an gCoinbhinsiún, arna shíniú in Schengen ar an 19 Meitheamh 1990, chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na

Gearmáine agus Phoblacht na Fraince a chur chun feidhme, dá Ionstraim Chríochnaitheach agus de na dearbhuithe gaolmhara:

Airteagal 1

Airteagal 5 agus 6

An Ionstraim Chríochnaitheach: Cuid I

Cuid II, dearbhuithe 2 agus 3

An Dearbú ó na hAirí agus na Státrúnaithe

3. An Prótacal, arna shíniú in Bonn ar an 25 Meitheamh 1991, maidir le haontachas Rialtas Ríocht na Spáinne leis an gComhaontú, arna shíniú in Schengen ar an 14 Meitheamh 1985, idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile, mar atá arna leasú leis an bPrótacal maidir le hAontachas Rialtas Phoblacht na hIodáile, arna shíniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990, agus na dearbhuithe a ghabhann leis.

4. Na forálacha seo a leanas den Chomhaontú, arna shíniú in Bonn ar an 25 Meitheamh 1991, maidir le haontachas Ríocht na Spáinne leis an gCoinbhinsiún, arna shíniú in Schengen ar an 19 Meitheamh 1990, chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince a chur chun feidhme, a bhfuil Poblacht na hIodáile tar éis aontú dó faoin gComhaontú arna shíniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990, dá Ionstraim Chríochnaitheach agus de na dearbhaithe gaolmhara:

Airteagal 1

Airteagal 5 agus 6

An Ionstraim Chríochnaitheach: Cuid I

Cuid II, dearbhuithe 2 agus 3

Cuid III, dearbhuithe 3 agus 4

An Dearbhú ó na hAirí agus na Státrúnaithe

5. An Prótacal, arna shíniú in Bonn ar an 25 Meitheamh 1991, maidir le haontachas Rialtas Phoblacht na Portaingéile leis an gComhaontú, arna shíniú in Schengen ar an 14 Meitheamh 1985, idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile, mar atá arna leasú leis an bPrótacal maidir le hAontachas Rialtas Phoblacht na hIodáile, arna shíniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990, agus na dearbhuithe a ghanhann leis.

6. Na forálacha seo a leanas den Chomhaontú, arna shíniú in Bonn ar an 25 Meitheamh 1991, maidir le haontachas Phoblacht na Portaingéile leis an gCoinbhinsiún, arna shíniú in Schengen ar an 19 Meitheamh 1990, chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince a chur chun feidhme, a bhfuil Poblacht na hIodáile tar éis aontú dó faoin gComhaontú arna shíniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990, dá Ionstraim Chríochnaitheach agus de na dearbhaithe gaolmhara:

Airteagal 1

Airteagal 7 agus 8

An Ionstraim Chríochnaitheach: Cuid I

Cuid II, dearbhuithe 2 agus 3

Cuid III, dearbhuithe 2, 3, 4 agus 5

An Dearbhú ó na hAirí agus na Státrúnaithe

7. An Prótacal, arna shíniú i Maidrid ar an 6 Samhain 1992, maidir le haontachas Rialtas na Poblachta Heilléanaí leis an gComhaontú, arna shíniú in Schengen ar an 14 Meitheamh 1985, idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile mar atá arna leasú leis an bPrótacal maidir le hAontachas Rialtas Phoblacht na hIodáile, arna shíniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990, leis na Prótacail maidir le hAontachas Rialtais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, arna shíniú in Bonn ar an 25 Meitheamh 1991, agus na dearbhuithe a ghabhann leis

8. Na forálacha seo a leanas den Chomhaontú, arna shíniú in Maidrid ar an 6 Samhain 1992, maidir le haontachas Poblachta Heilléanaí leis an gCoinbhinsiún, arna shíniú in Schengen ar an 19 Meitheamh 1990, chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince a chur chun feidhme, a bhfuil Poblacht na hIodáile tar éis aontú dó faoin gComhaontú arna shíniú i bPáras ar an 27 Samhain 1990 agus a bhfuil Ríocht na Spáinne agus Poblacht na

Portaingéile tar éis aontú dó faoi na Comhaontuithe arna shíniú in Bonn ar an 25 Meitheamh 1991, dá Ionstraim Chríochnaitheach agus de na dearbhaithe gaolmhara:

Airteagal 1

Airteagal 6 agus 7

An Ionstraim Chríochnaitheach: Cuid I

Cuid II, dearbhuithe 2, 3 agus 4

Cuid III, dearbhuithe 1 agus 3

An Dearbhú ó na hAirí agus na Státrúnaithe

